Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10534 – TRATON / AKTIEBOLAGET VOLVO / DAIMLER TRUCK / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 197/06)

1. An 6 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Traton SE ("Traton", an Ghearmáin), faoi rialú Volkswagen AG,

— Aktiebolaget Volvo PUBL ("Volvo", an tSualainn),

— Daimler Truck AG ("Daimler Truck", an Ghearmáin),

— Comhfhiontar ("An Spriocghnóthas", an Ísiltír).

Gheobhaidh Traton, Volvo agus Daimler Truck rialú comhpháirteach ar an Spriocghnóthas de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Traton, arna faoi rialú aonair Volkswagen AG, gnó trucailí agus busanna ghrúpa cuideachtaí Volkswagen. Oibríonn sé go príomha trína aonaid oibriúcháin MAN, Scania, Navistar agus Volkswagen Caminhões e Ônibus,

— Tá Volvo gníomhach ar fud an domhain i monarú agus díol trucailí a úsáidtear ar an mhórbhealach agus lasmuigh de, busanna, trealamh tógála agus inneall. San LEE, oibríonn sé go príomha trí na brandaí Volvo agus Renault Trucks,

— Díríonn Daimler Truck ar monarú agus díol trucailí agus busanna faoi na hainmneacha branda Mercedes-Benz agus Setra, i measc ainmneacha branda eile,

— Is comhfhiontar é an Spriocghnóthas chun gréasán luchtaithe ardfheidhmíochta atá inrochtana go poiblí a thógáil le haghaidh trucailí tromshaothair agus cóistí leictreacha ceallraí, feadh agus gar do mhórbhealaí agus pointí spéise lóistíochta i dtíortha roghnaithe san Eoraip.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10534 – TRATON / AKTIEBOLAGET VOLVO / DAIMLER TRUCK / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË